BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Talmhaíochta – Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 – Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 – Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 – Cnáib a shaothrú *(Cannabis sativa)* – Diúltú d'údarú a thabhairt do chnáib a shaothrú i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata)

I gCás C-793/22,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Curtea de Apel Alba Iulia (Cúirt Achomhairc Alba Iulia, an Rómáin), trí bhreith an 23 Samhain 2022, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Nollaig 2022, sna himeachtaí

Biohemp Concept SRL

v

Direcția pentru Agricultură Județeană Alba,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte ag gníomhú mar Bhreitheamh den Cheathrú Dlísheomra, O. Spineanu-Matei, J.-C. Bonichot agus S. Rodin (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Campos Sánchez-Bordona,

Cláraitheoir: R. Şereş, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 25 Eanáir 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Biohemp Concept SRL, ag M.-E. Coman, avocată,

– Rialtas na Rómáine, ag R. Antonie, E. Gane agus L. Ghiță, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Konstantinidis, L. Radu Bouyon agus M. ter Haar, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Rómáinis.

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ginearálta ag éisteacht an 21 Márta 2024

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 608), ar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 671), agus ar Airteagail 35, 36 agus 38 CFAE.

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir Biohemp Concept SRL agus Direcția pentru Agricultură Județeană Alba (Stiúrthóireacht um Thalmhaíocht Chontae Alba, an Rómáin) ('an Stiúrthóireacht um Thalmhaíochta') maidir le cinneadh arna ghlacadh ag an Stiúrthóireacht um Thalmhaíochta, ag diúltú go páirteach le hiarraidh ar údarú cnáib a shaothrú arna thíolacadh ag Biohemp Concept.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013

3 Foráiltear le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 a bhaineann le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 487), arna leasú le Rialachán (AE) 2017/2393 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2017 (IO 2017 L 350, lch. 15) an méid seo a leanas:

'Cuirfidh CETFT le […] straitéis Eoraip 2020 trí fhorbairt inbhuanaithe tuaithe a chur chun cinn ar fud an Aontais [Eorpach] ar bhealach a chomhlánaíonn ionstraimí eile [an chomhbheartais talmhaíochta (CBT)], an beartas ar chomhtháthaithe agus an comhbheartas iascaigh. Cuideoidh sé le hearnáil talmhaíochta san Aontas a fhorbairt atá níos cothromaithe ó thaobh críche agus comhshaoil de, níos neamhdhíobhálaí don aeráid agus níos athléimní, níos iomaíche agus níos nuálaí. Rannchuideoidh sé freisin le críocha tuaithe a fhorbairt.'

4 Léitear Airteagal 17(1) de Threoir Uimh. 1305/2013 mar seo a leanas:

'Cumhdófar tacaíocht faoin mbeart seo infheistíochtaí inláimhsithe agus/nó doláimhsithe:

a) lena ndéanfar feidhmiú foriomlán agus inbhuanaitheacht an ghabháltais talmhaíochta a fheabhsú;

b) a bhainfidh le próiseáil, le margaíocht agus/nó le forbairt táirgí talmhaíochta arna gcumhdach le hIarscríbhinn I a ghabhann le CFAE nó cadáis, seachas táirgí iascaigh; d'fhéadfadh sé gur táirge nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin a bheadh in aschur an phróisis táirgeachta; i gcás go gcuirtear tacaíocht ar fáil mar ionstraimí airgeadais, féadfaidh an t-aschur a bheith ina tháirge nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin ar choinníoll go rannchuidíonn an infheistíocht le ceann amháin nó níos mó de thosaíochtaí an Aontais maidir le forbairt tuaithe;

c) a bhainfidh le bonneagar i ndáil le forbairt, le nuachóiriú nó le hoiriúnú talmhaíochta agus foraoiseachta, lena n-áirítear rochtain ar thalamh feirme agus foraoise, feabhsú agus comhdhlúthú talún, soláthar agus sábháil fuinnimh agus uisce;

[…]'

Rialachán Uimh. 1307/2013

5 Leagtar amach in Airteagal 32(6) de Rialachán Uimh. 1307/2013:

'Ní bheidh na heicteáir i limistéir a úsáidtear chun cnáib a tháirgeadh incháilithe ach amháin má tá cion teitrihidreacannaibionóil nach mó ná 0.2 % iontu.'

6 Faoi Airteagal 35(3) den Rialachán sin:

'Chun sláinte phoiblí a chosaint, tabharfar de chumhacht don Choimisiún [Eorpach] gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 70 lena leagtar síos rialacha a fhágann gur ar choinníoll síolta deimhnithe de chineálacha áirithe cnáibe a úsáid a dheonófar íocaíochtaí agus an nós imeachta le haghaidh cineálacha cnáibe a dhearbhú agus lena gcion teitrihidreacannaibionóil dá dtagraítear in Airteagal 32(6) a fhíorú.'

Rialachán Uimh. 1308/2013

7 Foráiltear le hAirteagal 1 de Rialachán Uimh. 1308/2013, dar teideal 'Raon feidhme', an méid seo a leanas:

'1. Bunaítear leis an Rialachán seo comheagrú na margaí i gcás táirgí talmhaíochta, lena gcuimseofar na táirgí ar fad a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Conarthaí cé is moite de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe mar a shainmhínítear iad i [n]gníomhartha reachtacha [an] Aontais maidir le comheagraíocht an mhargaidh i dtáirgí iascaigh agus [dobhar]shaothraithe.

2. Déanfar táirgí talmhaíochta mar atá sainithe i mír 1 a roinnt idir na hearnálacha a leanas mar atá liostaithe in Iarscríbhinn I:

[…]

h) líon agus cnáib, Cuid VIII;

[…]'

8 Léitear Airteagal 189 den Rialachán sin, dar teideal ‘Allmhairí cnáibe’, mar a leanas:

‘1. Ní fhéadfar na táirgí seo a leanas a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a) fíorchnáib amh atá faoi chuimsiú chód AC 5302 10 00 agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32([6]) agus in Airteagal 35(3) de Rialachán [Uimh. 1307/2013;]

b) síolta de chineálacha cnáibe atá faoi chuimsiú chód AC ex 1207 99 20, ar síolta iad atá le cur, agus cruthúnas ag gabháil leo nach sáraíonn leibhéal teitrihidreacannaibionóil an chineáil atá i gceist an leibhéal a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 32(6) agus Airteagal 35(3) de Rialachán [Uimh. 1307/2013;]

c) síolta cnáibe nach bhfuil le cur, faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91 agus a allmhairítear ag allmhaireoirí a bhfuil údarú acu ón mBallstát agus acu sin amháin chun a áirithiú nach bhfuil sé beartaithe na síolta sin a chur.2. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do rialacha níos srianta arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir le CFAE agus leis na hoibleagáidí faoi Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht.’

9 Áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. 1308/2013, dar teideal ‘Liosta de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1(2)’ go háirithe, i gcuid VIII, faoi chód AC 5302, ‘Fíorchnáib (*Cannabis sativa* L.) amh nó próiseáilte ach gan a bheith sníofa; barrach agus dramhaíl fíorchnáibe (lena n-airítear dramhabhrais agus stoc gairnéadaithe)’.

Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014

10 Foráiltear le hAirteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena leasaítear Iarscríbhinn X den Rialachán sin (IO 2014 L 181, lch. 1) arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/707 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2018 (IO 2018 L 119, lch. 1) mar seo a leanas:

‘1. Chun críocha Airteagal 32(6) de Rialachán [Uimh. 1307/2013], tá inghlacthacht na limistéir a úsáidtear um tháirgeadh cnáibe faoi réir úsáid síolta de chineálacha a leagtar amach i “[g]catalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta” an 15 Márta le haghaidh na bliana a dheonaíodh agus a fhoilsíodh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir [2002/53/CE] ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta (IO 2002 L 193, lch. 1)]. [...]

2. Bunóidh na Ballstáit córas chun méid Δ9-teitrihidreacannaibionóil (“THC”) a chinneadh i gcineálacha cnáibe, rud a chuireann ar a gcumas orthu an modh a leagtar amach in Iarscríbhinn III a chur i bhfeidhm.

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Rómáine

Dlí Uimh. 18/1991

11 Léitear Airteagal 2 de la legea nr. 18/1991 a fondului funciar (Dlí Uimh. 18/1991 maidir le húinéireacht talún talmhaíochta) an 19 Feabhra 1991 (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 1 an 5 Eanáir 1998) sa leagan is infheidhme i leith na díospóide sna príomhimeachtaí, mar seo a leanas:

‘Ag braith ar an úsáid atá aige, is éard atá i gceist le talamh ná:

a) talún in úsáid don talmhaíochta agus, go sonrach:

– talamh talmhaíochta tháirgiúil– talamh arúil, fíonghoirt, úlloird, plandlanna fíniúnacha agus crainn torthaí, plandálacha leannlusanna agus driseacha, féaraigh, féarthailte, tithe gloine, tithe gloine fótavoltacha, síolóige agus struchtúir chomhchosúla eile;

– talún le fásra atá barrscoitheadh, a mhéid nach gcumhdaítear bainistíocht foraoiseachta, féaraigh choillteacha;

– talamh a chumhdaítear le foirgnimh agus saoráidí agra-zóiteicniúla, dobharshaothraithe agus feabhas a chur ar an talamh, iarnróid tuaithe agus gabháltas talmhaíochta, ardáin agus ionaid stórála chun freastal ar riachtanais táirgeadh talmhaíochta;

– talamh neamhtháirgiúil ar féidir iad a leagan amach agus a úsáid don táirgeadh talmhaíochta’.

Dlí Uimh. 339/2005

12 De réir Airteagal 12(4) de legea nr. 339/2005 privind regimul juridic al plantelor, substanțelor și preparatelor stupefiante și psihotrope (Dlí Uimh. 339/2005 maidir le córas dlíthiúil na bplandaí, na ndrugaí agus na substaintí síceatrópacha) an 29 Samhain (*Monitorul Oficial al României*, Cuid I, Uimh. 1095 an 5 Nollaig 2005):

‘Tá sé de dhualgas ag na saothróirí cnáibe agus codlaidín formheasta na tailte atá i seilbh acu a síolú le síolta de na chineálacha a liostaítear i “[g]Catalóg Oifigiúil na Rómáine de Chineálacha agus Hibridí Plandaí Talmhaíochta” nó i gcatalóga [an Aontais], arna dtáirgeadh ag bunaíochtaí formheasta ag an Aire Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Forbartha Tuaithe, trí na húdaráis réigiúnacha um rialú síolta agus deimhniúcháin’

Rialacha cur chun feidhme Dhlí Uimh. 339/2005

13 Leagtar amach in Airteagal 4(5) de Hotărârea nr. 1915 pentru aprobarea Normelor metodologice de aplicare a prevederilor Legii nr. 339/2005 (Cinneadh Uimh. 1915 lena bhformheastar rialacha cur chun feidhme Dhlí Uimh. 339/2005) an 22 Nollaig 2006 (*Monitorul Oficial al României*, cuid I, Uimh. 18 an 11 Eanáir 2007) ('rialacha cur chun feidhme Dhlí Uimh. 339/2005') an méid seo a leanas:

'Chun údarú a dheonú chun plandaí a shaothrú ina bhfuil substaintí támhshuanacha agus síceatrópacha atá beartaithe le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus/nó úsáid bia, taighde eolaíoch nó teicniúil, nó do tháirge síolta, ní mór do na saothróirí iarratas a chur isteach faoi bhráid an stiúrthóireacht um thalmhaíochta ar leibhéal an chontae nó ar leibhéal na cathrach Búcairist [an Rómáin]. Gabhfaidh na doiciméid seo a leanas leis an iarratas, i mbunchóip agus i gcóip, i bhfianaise ábhar údaraithe:

[…]

b) an gníomhasúinéireachta, na miontuairiscí/teastais seilbhe nó aon ghníomhaíocht ina léirítear úsáid dhlíthiúil de limistéar an talaimh feirme;

[…]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

14 Rinne Biohemp Concept iarratas atá dírithe ar údarú cnáib a shaothrú ar limistéar 0.54 heictéar a thaisceadh an 14 Eanáir 2021 faoi bhráid na Stiúrthóireachta um Thalmhaíochta.

15 An 27 Eanáir 2021, d'eisigh an t-údarás sin an t-údarú iarrtha do limistéar 0,50 heictéar agus thug sé fógra do Biohemp Concept, an lá céanna, nach talamh talamhaíochta é an limistéar 0,04 heictéar neamhúdaraithe, ach gur foirgneamh le haghaidh cuspóir agra-zóiteicniúil é, nach gcomhlíontar riachtanais Airteagal 4(5)(b) leo, de rialacha cur chun feidhme Dhlí Uimh. 339/2005.

16 Thionscain Biohemp Concept gearán riaracháin os comhair an údaráis sin i gcoinne dhiúltú an údaraithe sin trína áitiú gur úsáideadh an foirgneamh atá i gceist, tráth a thugadh an gearán sin isteach, mar spás cosanta do shaothrú na bplandaí, mar is léir ón deimhniú a d'eisigh bardas Pianu (an Rómáin) an 3 Feabhra 2021. D'aithin sé gur earnáil le haghaidh cuspóir agra-zóiteicniúil ab ea an foirgneamh atá i gceist ar dtús.

17 An 17 Feabhra 2021, dhiúltaigh Stiúrthóireacht um Thalmhaíochta an gearán sin.

18 An 13 Aibreán 2021, thug Biohemp Concept caingean chun an Tribunalul Alba (Cúirt Réigiúnach Alba, an Rómáin). Mar thaca lena chaingean, mhaígh sé go raibh an diúltú ón Stiúrthóireacht um Thalmhaíocht údarú a dheonú do limistéar 0,04 heictéar bunaithe go príomha ar léiriú teorantach agus, dá bhrí sin, mícheart, ar an gcoincheap 'limistéar talún talmhaíochta', faoi reachtaíocht na Rómáine, lena n-áirítear talamh a chumhdaítear leis na foirgnimh nó na suiteáil agra-zóiteicniúil chun freastal ar riachtanais an táirgeadh talmhaíochta.

19 Chinn Tribunalul Alba (Cúirt Réigiúnach Alba) nach raibh bunús le caingean Biohemp Concept ar an bhforas nár chomhlíon an limistéar 0,04 heictéar áitithe ag foirgnimh thionsclaíocha agus riaracháin le haghaidh cuspóir agra-zóiteicniúil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(5)(b) de rialacha cur chun feidhme Dhlí Uimh. 339/2005. Go deimhin, chin sí nár féidir na foirgnimh sin a shamhlú mar 'limistéar talún talmhaíochta', de bhrí na forála sin, mar go raibh sé beartaithe ag reachtas na Rómáine saothrú plandaí a bhfuil substaintí támhshuanacha agus síceatrópacha le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus/nó úsáid bia a údarú, sna réimsí leighis, eolaíochta nó teicniúla, nó le haghaidh táirgeadh síolta ar thalamh táirgiúil thalmhaíochta amháin mar a shainmhínítear le Dlí Uimh. 18/1991.

20 Rinne Biohemp Concept achomharc i gcoinne bhreithiúnas na cúirte céadchéime cos comhair Curtea de Apel Alba Iulia (Cúirt Achomhairc Alba Iulia, an Rómáin), an chúirt a rinne an tarchur.

21 Dar le Biohemp Concept, ní dhéanfar an coincheap 'limistéar talún talmhaíochta', de réir rialacha cur chun feidhme Dhlí Uimh. 339/2005 a léiriú sa mhéid nach féidir údarú saothrú plandaí a bhfuil substaintí támhshuanacha agus síceatrópacha le húsáid áirithe a dheonú ach amháin do thalamh talmaíochta sa chiall is beaichte. Os a choinne sin, ba cheart a thuiscint leis an gcoincheap sin mar thagairt d'úsáid talún talmhaíochta. D'fhéadfaidh saothrú cnáibe sna limistéir faoi chosaint le hábhar THC nach dtéann thar teorainn dlíthiúil de 0, 2% bheith mar thoradh ar phlandaí lena bhfuil tiúchán cannaibidé-óil acu idir 12 agus 14 %, cé nach rachadh an tiúchán sin thar 1 %, le haghaidh saothrú chnáib sna goirt.

22 Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur an bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear srian ar dheonú údaraithe le haghaidh cnáib a shaothrú (*Cannabis sativa*) comhoiriúnach le dlí an Aontais i gcás saothrú i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata.

23 Sna himthosca sin, chinn an Curtea de Apel Alba Iulia (Cúirt Achomhairc Alba Iulia) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An gcaithfear Rialachán [Uimh. 1307/2013] agus Rialachán [Uimh. 1308/2013] agus Airteagail 35, 36 agus 38 CFAE a léiriú mar chosc ar reachtaíocht náisiúnta a mhéid ina chuirtear cosc le saothrú cnáibe (*Cannabis sativa*) i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna dúnta feistithe?'.

An cheist a tharchuirtear

Inghlacthacht

24 Cuireann rialtas na Rómáine inghlacthacht na ceiste a tharchuirtear le haghaidh réamhrialaithe faoi chonspóid a mhéid a bhaineann sí le léiriú Airteagail 35, 36 agus 38 CFAE.

25 I gcás léiriú ar Airteagail 35 agus 36 CFAE, cuireann an rialtas sin in iúl, ar thaobh amháin, nár léiríodh go soiléir san iarraidh ar réamhrialú an iarrann Biohemp Concept ar deonú údaraithe le haghaidh cnáib a shaothrú go hidreaponaic d'fhonn idirbhearta onnmhairiúcháin go Ballstáit eile a chur ar fáil agus, ar an taobh eile, nach bhfuil nasc idir rialacha intíre is infheidhme maidir leis an díospóid sna príomhimeachtaí agus a bhforálacha.

26 Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionstraim comhair idir an Chúirt Bhreithiúnais agus na cúirteanna náisiúnta é an nós imeachta dá bhforáiltear le hAirteagal 267 CFAE, trína dtugann an Chúirt Bhreithiúnais treoir do na cúirteanna náisiúnta sin maidir le léiriú dhlí an Aontais a theastaíonn uathu chun an cás a iarrtar orthu a chinneadh a réiteach. Mar chuid den chomhar sin, is faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid os a comhair, ag a bhfuil na fíorais is bonn den díospóid sin ar eol di amháin go cruinn agus nach mór di freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach ina dhiaidh sin, atá sé a chinneadh an gá atá le réamhrialú ionas go mbeidh sí in ann a breithiúnas a thabhairt agus ábharthacht na gceisteanna a chuirfidh sí faoi bhráid na Cúirte araon. Dá bhrí sin, nuair a bhaineann na ceisteanna a cuireadh isteach le léiriú dhlí an Aontais, tá an Chúirt faoi cheangal, i bprionsabal, rialú a dhéanamh (breithiúnas an 7 Nollaig 2023, *mBank (Dearbhú an tomhaltóra)*, C-140/22, EU:C:2023:965, mír 47 agus an cásdlí a dtagraítear).

27 An méid sin ráite, ní fhéadtar an Chúirt Ghinearálta rialú a thabhairt ar cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú i gcás ina bhfuil sé soiléir nach bhfuil aon bhaint ag léiriú dhlí an Aontais, a iarrann cúirt náisiúnta, le fíoras iarbhír nó cuspóir na díospóide atá os comhair na cúirte náisiúnta sin, nó i gcás gur fadhb de chineál hipitéiseach atá inti, nó i gcás nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a chuirtear os a comhair (breithiúnas an 29 Feabhra 2024, *Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Iontaobhas frithpháirteach i gcás aistrithe)*, C-392/22, EU:C:2024:195, mír 84 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Maidir leis sin, ceanglaítear le hAirteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais go mbeidh ráiteas san iarraidh ar réamhrialú ‘achoimre ar ábhar na díospóide agus na cinntí fíorais ábhartha de réir mar a chinn an chúirt nó an binse a rinne an tarchur, nó, ar a laghad, cuntas ar na fíorais ar a bhfuil an cheist bunaithe’, ‘éirim aon fhorálacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcás agus, i gcás inarb iomchuí, an cásdlí náisiúnta ábhartha’, agus ‘ráiteas ar na fáthanna a spreag an chúirt nó an binse a rinne an tarchur chun léiriú nó bailíocht forálacha áirithe de dhlí an Aontais Eorpaigh a fhiosrú, agus an gaol idir na forálacha sin agus an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí.’

29 Sa chás sin áfach, ní léiríonn an iarraidh le haghaidh réamhrialú leis an méid soiléireacht agus cruinneas is gá cén fáth gur shíleann an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil gá le léiriú ar Airteagail 35 agus 36 CFAE chun í a chur ar a cumas cinneadh a dhéanamh ar an díospóid a tugadh os a comhair.

30 Ní áirítear leis an iarraidh sin ráiteas nithiúil go leor ar na sonraí fíorasacha ar a bhfuil an ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialaithe bunaithe, a mhéid a bhaineann le hAirteagail 35 agus 36 CFAE.

31 Mar thoradh air sin, sa mhéid is go dtéann an cheist dá dtagraítear i ngleic le léiriú ar Airteagail 35 agus 36 CFAE, tá sé neamh-inghlactha.

32 Maidir le léiriú ar Airteagal 38 CFAE, áitíonn Rialtas na Rómáine nach bhfuil an fhaisnéis riachtanach san iarraidh ar réamhrialú a gcuirfeadh ar chumas na Cúirte freagra úsáideach a thabhairt le haghaidh léiriú na forála sin.

33 Ní mór a thabhairt faoi deara go leagtar síos le hAirteagal 38(1) CFAE, go ndéanfaidh an tAontas comhbheartas talmhaíochta agus iascaigh a shainiú agus a sheoladh agus, in Airteagal 38(3), go bhfuil liosta in Iarscríbhinn I CFAE de na táirgí, maidir le talmhaíocht agus iascach, lena

mbaineann forálacha Airteagail 39 go 44. Áireofar leis an Iarscríbhinn sin, i gCaibidil 57, fíorchnáib (*Cannabis sativa*), amh nó próiseáilte ach gan a bheith sníofa; barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear ceirteacha nó ródaí tarraingthe nó gairnéadaithe).

34 In Airteagal 39 CFAE, sainmhínítear cuspóirí CBT.

35 A mhéid a leagtar síos le Rialachán Uimh. 1308/2013, de réir Airteagal 1(1), comheagrú na margaí (CEM) le haghaidh na dtáirgí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin agus a foráiltear le hAirteagal 189(1) nach bhféadfaí fíorchnáib a allmhairiú san Aontas ach amháin má chomhlíonann sé na choinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(6) agus Airteagal 35(3) de Rialachán Uimh. 1307/2013 ach go háirithe, ní mór na rialacháin sin a léiriú i ndáil le hAirteagail 38 agus 39 CFAE.

36 Dá bhrí sin, sa mhéid is go dtéann an cheist dá dtagraítear i ngleic le léiriú ar Airteagal 38 CFAE, tá sé inghlactha.

Substaint an cháis

37 Lena ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil dlí an Aontais maidir le CBT le léiriú sa chaoi go gcoisctear saothrú chnáibe (*Cannabis sativa*), i mBallstát, i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata.

38 Mar réamhbharúil, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a luaigh an Abhcóide Ghinearálta i mír 69 dá Thuairim, gur chórais saothrú é córas hidreaponaic ina chothaítear fréamhacha na bplandaí ag úsáid tuaslagán cothaitheach a thuaslagtar in uisce, a bhfuil na substaintí ceimiceacha is gá le haghaidh forbairt na bplandaí ar féidir leo péacadh i meán uiscí gan aon ghá le hithir.

39 Mar is léir ó Airteagal 1 de Rialachán Uimh. 1308/2013, cumhdaítear saothrú cnáibe le CEM a bunaíodh sa Rialachán sin maidir le táirgí talmhaíochta.

40 A mhéid a bhaineann le saothrú chnáibe i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata, ní mór a thabhairt faoi deara nach eisiafar na córais saothraithe leis an Rialachán sin óna raon feidhme go sainráite. Ag an am céanna, maidir le cumas na córais sin le rannchuidiú le cuspóirí CBT a bhaint amach, a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE, ní féidir Rialachán Uimh. 1308/2013 a léiriú sa chaoi go n-eisiatar, go hintuigthe agus go ginearálta, na córais sin ó raon feidhme CEM a bhunaítear leis.

41 Mar a léirítear sa chásdlí socair, más ann do rialachán CEM i réimse sonrach, tá oibleagáid ar na Ballstáit gan aon bheart a dhéanamh a d'fhéadfadh an bonn a bhaint uaidh nó eisceachtaí a chruthú ina leith. Níl na rialacháin lena gcuirtear bac ar fheidhmiú ceart CEM ar neamhréir le CEM sin, fiú mura bhfuil an t-ábhar áirithe réitithe go cuimsitheach ag CEM sin (breithiúnas an 13 Samhain 2019, *Lietuvos Respublikos Seimo narių grupė*, C-2/18, EU:C:2019:962, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Is cásdlí socair é freisin go bhfuil CEM bunaithe ar phrionsabal an mhargaidh oscailte, ar a bhfuil rochtain saor ag aon tairgeoir faoi choinníollacha iomaíochta éifeachtach (breithiúnas an 23 Nollaig 2015, *Scotch Whisky Association agus páirtithe eile*, C-333/14, EU:C:2015:845, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Dá thoradh sin, ba cheart breithniú a dhéanamh má bhaineann diúltú d'údarú a dheonú chun cnáibe a shaothrú i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata, ar nós an ceann i dtrácht sna príomhimeachtaí, an bonn de CEM ina bhfoirmíonn an cnáib (*Cannabis sativa*) cuid de, arna bhunú le Rialachán Uimh. 1308/2013. Go háirithe, ba cheart faireachán agus measúnú a dhéanamh an gcuirtear teorann le diúltú den sórt sin ar rochtain feirmeoirí, a bhaineann leas as na córais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata, ar an margadh cnáibe faoi choinníollacha iomaíochta éifeachtacha.

44 Mar a thug an Coimisiún faoi deara le linn na héisteachta, gan é a bheith tugtha faoi cheist ag na páirtithe eile, agus mar atá tugtha le fios ag an Abhcóide Ginearálta i míreanna 74 go 77 dá Thuairim freisin, d'fhéadfadh córas saothraithe den sórt sin táirgeacht níos airde a ghiniúint, níos lú acmhainní uisce a úsáid, méid an talún is gá chun na plandaí a saothrú de dheasca roinnt Fómhair a bhaint i dtréimhse ar leith, a bheith níos neamhspleáiche ón aeráid i gcomparáid le saothrú sna goirt agus tionchar níos lú a bheith aige ó orgánaigh atá díobhálach do phlandaí.

45 Mar gheall ar na saintréithe sin, d'fhéadfadh an córas saothraithe sin roinnt cuspóirí de CBT a bhaint amach, mar a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE, go háirithe, ar dtús, dóibh siúd arna gcur in iúl i mír (a) den bhforáil sin, eadhon, 'táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí dul chun cinn teicniúil a fhorbairt agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeacht talmhaíochta agus go n-úsáidfear mar is fearr is féidir na tosca táirgthe, go háirithe na hoibrithe', ar an dara dul síos, i mír (d) den bhforáil sin, eadhon 'a chinntiú go mbíonn soláthairtí ar fáil', agus ar an tríú dul síos, i mír (e) den bhforáil céanna, eadhon 'a áirithiú go mbeidh soláthairtí ar fáil ar phraghasanna réasúnta do tomhaltóirí'.

46 Mar a thug an Coimisiún dá aire le linn na héisteachta, mar gheall ar na saintréithe sin, féadfaidh na hinfheistíochtaí sa saothrú cnáibe a cuireadh i gcríoch i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata cáileadh le haghaidh cabhair den chineáil dá bhforáiltear le hAirteagal 17 de Rialachán Uimh. 1305/2013.

47 Tá éifeacht ag diúltú d'údarú den sórt sin atá i gceist sna príomhimeachtaí na feirmeoirí a úsáideann na córais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata a eisiaimh ón margadh cnáibe. D'fhéadfadh diúltú den sórt sin dochar a dhéanamh don iomaíocht trí chosc a chur ar feirmeoirí áirithe, amhail Biohemp Concept, tairbhe a bhaint as na córais sin a bhfuil sé d'aidhm acu a áirithiú go mbainfí an úsáid is fearr as tosca táirgthe agus a chuireann feabhas ar tháirgiúlacht talmhaíochta cnáibe chomh maith (féach, de réir analaí, breithiúnas an 23 Nollaig 2015, *Scotch Whisky Association agus páirtithe eile*, C-333/14, EU:C:2015:845, mír 21).

48 Is measa an míbhuntáiste iomaíoch arna fhulaingt ag na feirmeoirí toisc go bhféadfaí an toirmeasc atá i gceist an fhéidearthacht cúnamh a éileamh a bhaint dóibh, lena fhoráiltear faoi CBT, le haghaidh na hinfheistíochta maidir leis na córais sin.

49 Sna himthosca sin, gan ghá a bheith ann scrúdú a dhéanamh an gcumhdaítear na spásanna iata a úsáidtear le haghaidh shaothrú chnáibe leis an gcoincheap 'limistéir' dá dtagraítear in Airteagal 32(6) de Rialachán Uimh. 1307/2013, dá dtagraítear in Airteagal 189 de Rialachán Uimh. 1308/2013, ba cheart a mheas go ndéanann beart chun toirmeasc a chur ar shaothrú chnáibe i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata, mar thoradh ar diúltú an údaraithe atá i gceist sna príomhimeachtaí, dochar do CEM arna bhunú leis an Rialachán deireanach sin, ach amháin más rud é go bhfuil údar le cuspóir leas ginearálta arna chumhdach ag CEM sin a bhfuil forlámhas aige thar na cuspóirí a luadh i mír 45 den chás seo.

50 Ag an am céanna, má ghlactar leis nach féidir údar a thabhairt do bheart den sórt sin de bharr chuspóir leasa ghinearálta arna chumhdach ag CEM sin, ag déanamh dochar dó mar sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfaí é a choinneáil. I ndáil leis an méid sin, ba cheart a mheabhrú nach gcuireann bunú CEM cosc ar na Ballstáit na rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm lena saothraítear cuspóir ar mhaithe le leas an phobail seachas iad siúd a chumhdaítear le CEM, cé go bhféadfadh na rialacha sin difear a dhéanamh d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh san earnáil ábhartha (breithiúnas an 13 Samhain 2019, *Lietuvos Respublikos Seimo narių grupė*, C-2/18, EU:C:2019:962, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

51 I gceachtar cás, a shonraítear i míreanna 49 agus 50 den bhreithiúnas seo, ní mór don bheart, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a bheith oiriúnach don chuspóir atá aige a bhaint amach agus nár cheart go rachadh sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach, (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Samhain 2019, *Lietuvos Respublikos Seimo narių grupė*, C-2/18, EU:C:2019:962, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur measúnú a dhéanamh air sin.

52 D'áitigh rialtas na Rómáine, ar thaobh amháin, gurb é an cuspóir atá ag toirmeasc ar shaothrú chnáibe i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata an tsláinte phoiblí a chosaint i gcás a bhfuil rioscaí ag an gcóras saothraithe sin, de réir anailísí eolaíocha, maidir le sárú chion THC dá bhforáiltear le hAirteagal 32(6) de Rialachán Uimh. 1307/2013 sna plandaí cnáibe á saothrú sa tslí sin agus, ar an taobh eile, leis an gcóras saothraithe sin, nach féidir faireacháin a dhéanamh ar leibhéal na substainte sin go héifeachtach roimh shaothrú na bplandaí sin nó ina dhiaidh.

53 I ndáil leis an méid sin, ní mór a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 189(1) de Rialachán Uimh. 1308/2013, nach féidir an fíorchnáib amh atá faoi chuimsiú chód AC 5302 10 00 a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin má chomhlíonann sé ach go háirithe na choinníollacha a leagtar amach in Airteagal 32(6) agus Airteagal 35(3) de Rialachán Uimh. 1307/2013.

54 Foráiltear le hAirteagal 32(6) de Rialachán Uimh. 1307/2013 nach mbeidh na heicteáir i limistéir a úsáidtear chun cnáib a tháirgeadh incháilithe ach amháin má tá cion THC nach mó ná 0.2 % iontu.

55 Dealraíonn sé ó na heilimintí sin, i gcás cnáib a shaothrú, gur thug reachtóir an Aontais aird ar leith ar an gcuspóir um chosaint na sláinte poiblí. Cé gur chóir an cuspóir ar mhaithe le leas an phobail a chothromú le cuspóirí CBT dá dtagraítear i mír 45 den bhreithiúnas seo (féach, de réir analaí, breithiúnas an 23 Nollaig 2015, *Scotch Whisky Association agus páirtithe eile*, C-333/14, EU:C:2015:845, mír 28), eascraíonn sé as an tairseach 0,2 % THC atá leagtha síos ag reachtóir an Aontais gur cheart tosaíocht a bheith ag an gcuspóir um chosaint na sláinte poiblí a chosaint ar na cuspóirí eile sin i gcás a léireofaí, mar a mhaíonn rialtas na Rómáine, go bhfuil an tairseach sin sáraithe níos éasca i gcás saothrú chnáibe i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata agus go bhfuil sé, ag an am céanna, ródheacair maoirseacht a dhéanamh ar an tairseach sin i gcás cnáib a shaothrú ag úsáid na córais sin.

56 I dtaca leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi phrionsabal an réamhchúraim, nuair a bhíonn éiginnteachtaí fós ann maidir le rioscaí do shláinte an duine a bheith ann nó a thábhachtaí atá siad, nach mór go mbeadh an deis ag na Ballstáit bearta cosanta a ghlacadh gan fanacht go dtí go léireofar réaltacht na rioscaí sin go hiomlán. Go háirithe, ní mór do na Ballstát a bheith in ann aon bheart a dhéanamh ar dócha go n-íoslaghdódh sé an baol don tsláinte (féach, breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Nordic Info*, C-128/22, EU:C:2023:951, mír 79 agus an cásdlí a dtagraítear).

57 Ina theannta sin, agus bearta sriantacha á nglacadh acu ar fhorais na sláinte poiblí, ní mór do na Ballstáit a bheith in ann fianaise iomchuí a chur ar fáil chun a léiriú go bhfuil anailís déanta acu ar oiriúnacht, riachtanas agus comhréireacht na mbeart atá i gceist agus aon fhianaise eile a chur ar aghaidh chun tacú lena n-argóintí. Mar sin féin, ní féidir lena leithéid de dhualgas cruthúnais a chur de cheangal ar na húdaráis náisiúnta inniúla a léiriú, go dearfach, nach rabhthas in ann, sna coinníollacha sin, an cuspóir atá á shaothrú, lena bhfuil údar maith, a bhaint amach trí aon bheart insamhlaithe eile (breithiúnas an 5 Nollaig 2023, *Nordic Info*, C-128/22, EU:C:2023:951, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar an gcúirt a rinne an tarchur, arb í amháin atá inniúil chun measúnú a dhéanamh ar fhíorais na bpríomhimeachtaí, sa chéad áit, a mheas an léiríonn na hanailisí eolaíocha ar a bhfuil rialtas na Rómáine ag brath ina bharúlacha go bhfuil éiginnteacht ann fós maidir le riosca maidir le sárú chion THC a bheith ann, dá bhforáiltear le hAirteagal 32(6) de Rialachán Uimh. 1307/2013, sna plandaí cnáibe de chineálacha a fhoilsítear sa ‘c[h]atalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta’ de dheasca a shaothrú i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata.

59 Sa dara háit, i gcás chumais toirmeasc cnáib a shaothrú i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata chun an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí a bhaint amach, ba cheart a mheabhrú, de réir an chásdlí bunaithe, nach féidir a mheas gur féidir an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí arna shaothrú a bhaint amach leis na bearta sriantacha amhail iad siúd atá i gceist sna príomhimeachtaí ach amháin i gcás ina bhféachtar leis an gcuspóir a bhaint amach i ndáiríre agus i gcás ina gcuirtear iad chun feidhme go comhsheasmhach córasach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 23 Nollaig 2015, *Scotch Whisky Association agus páirtithe eile*, C-333/14, EU:C:2015:845, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Cé nach bhfuil aon amhras ann go mbaintear aon riosca le toirmeasc ar an gcóras sin de shaothrú chnáibe maidir le sárú chion THC dá bhforáiltear in Airteagal 32(6) de Rialachán Uimh. 1307/2013 sna plandaí cnáibe agus mar sin, go dtugtar aghaidh ann go fíorasach ar éileamh chuspóir um chosaint na sláinte poiblí a chosaint a bhaint amach, is faoin gcúirt a rinne an tarchur a chinneadh, de réir mar a áitíonn Biohemp Concept, an gceadaíonn contaetha na Rómáine seachas Alba an córas sin, rud a d’fhágfadh go mbeadh níos lú cinnteachta ar chur chun feidhme comhleanúnach agus córasach na cuspóra sin.

61 Sa tríú háit, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur athbhreithniú a dhéanamh, mar a mheabhraítear i mír 51 den bhreithiúnas seo, nach dtéann toirmeasc ar shaothrú chnáibe i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata thar a bhfuil riachtanach chun cuspóir um chosaint na sláinte poiblí a chosaint i ndáil le cuspóirí CBT mar a leagtar síos in Airteagal 39(1) CFAE agus feidhmiú ceart CEM. Ní mór an toirmeasc sin a mheas sa chaoi go dtéann sé thar a bheith riachtanach más féidir an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí a chosaint ar bhealach atá chomh héifeachtach chéanna le bearta nach bhfuil chomh sriantach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 23 Nollaig 2015, *Scotch Whisky Association agus páirtithe eile*, C-333/14, EU:C:2015:845, mír 40 agus 41).

62 Chuige sin, beidh an chúirt a rinne an tarchur faoi cheangal a mheas, go háirithe, an mbainfí an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí amach le seiceálacha ar an láthair, le minicíocht agus le modh gur féidir a bheith ag súil go réasúnta ó rialtas inniúil, ar chion THC i bplandaí cnáibe atá á saothrú i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata ar bhealach atá chomh héifeachtúil le toirmeasc ar shaothrú chnáibe trí chórais den sórt sin a úsáid.

63 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, maidir le dlí an Aontais a bhaineann le CBT, is é freagra na ceiste a chuirtear ná nach mór léiriú a dhéanamh sa chaoi nach gcuirtear cosc le toirmeasc, i mBallstát, ar chnáib a shaothrú (*Cannabis sativa*) i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata, ar choinníoll go bhfuil an toirmeasc sin iomchuí chun an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí a áirithiú agus, i dtaca le cuspóirí CBT chomh maith le feidhmiú ceart CEM, nach rachaidh sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí a bhaint amach.

Costais

64 Ós rud é, a mhéid a bhaineann leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte náisiúnta, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le dlí an Aontais a bhaineann le comhbheartas talmhaíochta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc le toirmeasc ar chnáib a shaothrú (*Cannabis sativa*), i mBallstát, i gcórais hidreaponaic taobh istigh de spásanna iata, ar choinníoll go bhfuil an toirmeasc sin iomchuí chun an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí a áirithiú agus, i dtaca le cuspóirí chomhbheartais talmhaíochta chomh maith le feidhmiú ceart comheagrú na margaí, nach rachaidh sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir um chosaint na sláinte poiblí a bhaint amach.

[Sínithe]